Coiste Gairmoideachais Chontae Dhún na nGall
County Donegal Vocational Education Committee

# Teagascóir Oideachais Aosaigh – Sonraíocht Poist

**Freagrach go díreach do:** Comhordaitheoir Clár / Oifigeach Oideacis Aosaigh nó duine údaraithe eile atá ainmnithe ag an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin.

## 1. Idirchaidreamh agus Comhoibriú

Déanfaidh an teagascóir a c(h)uid oibre i gcomhar agus i gcomhairle leo seo a leanas:

- Comhordaitheoir Clár / Oifigeach Oideacis Aosaigh
- Baill foirne eile
- an Príomhfheidhmeannach agus Foireann Riaracháin Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall
- foireann na seirbhíse tacaíochta agus comhairleoireachta sa Roinn Oideachais agus Scileanna
- eagraíochtaí agus líonraí atá ábhartha do shaineolas/ábhar an teagascóir
- an pobal áitiúil.

## 2. Polasaí agus Frámaíocht Dhlíthiúil

Oibreoidh an teagascóir laistigh d'Fhrámaíocht na Reachtaíochta Náisiúnta, an reachtaíocht seo a leanas san áireamh:

(a) Na hAchtanna Gairmoideachais 1930

(b) An tAcht Gairmoideachais (Leasú), 2001

(c) An tAcht Oideachais, 1998

(d) An tAcht Oideachais (Leas), 2000

(e) Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999

(f) Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001

(g) An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu, 2004

(h) Polasaithe agus Treoirlínte ar an Churaclam agus Eagrúchán na Seirbhísí Oideachais Aosaigh

(i) Na polasaithe agus nósanna imeachta atá glactha leo ag Coiste Gairmoideachais Dhún na nGall.

(j) Ciorcláin na Roinne Oideachais agus Eolaíochta i ndáil le Polasaithe agus Treoirlínte ar an Churaclam agus Eagrúchán agus ar Phá agus Coinníollacha

## 3. Freagrachtaí agus Dualgais

(a) Teagasc a thabhairt san ábhar chun sástacht an Comhordaitheoir Clár / Oifigeach Oideacis Aosaigh de réir rialacha agus rialúcháin na Roinne Oideachais agus Scileanna. Tascanna le bheith déanta san Ionad Oideachaisl agus in áiteanna eile a leagan síos do na bhfoghlaimeoirí.

(b) Ullmhú a dhéanamh ar chúrsaí, scéimeanna oibre agus ceachtanna aonair atá fóirsteanach do riachtanais, spéiseanna, agus don taithí agus an t-eolas atá ag foghlaimeoirí cheana féin.

(c) Caithdifh an teagacsóir a bheith i láthair in am réasúnta roimh tosaigh an ranga chun tús a chur leis an rang ag am sceidealaithe. Coinneoidh an teagascóir taifead maidir lena tinreamh féin trí cibé modh atá leagtha síos. Féadfar iomlán nó páirt a chuid pá a chailleadh don rang atá i gceist muna bhfuil sé/sí i láthair in am don rang nó dá n-imeodh sé/sí roimh deireadh an rang.

(d) Comh maith leis obair an ranga, cithfidh an teagascóir gach dualgas a mbaineann mar is cuí le bainistíocht agus measúnacht an dul chun cinn an rang a mbeidh oiriúnach agus riachtanach ó am go ham. Tá andulgais theagmhasach seo san áireamh san ráta pá san uair a mbeidh leagtha síos.

(e) Obair na bhfoghlaimeoirí a mharcáil agus a mheasúnú. Cuntas a choinneáil ar an dul chun cinn agus gnóthachan laistigh agus lasmuigh den Ionad Oideachais araon.

(f) Gach measúnacht a bhaineann leis an gcóras FETAC a dhéanamh.

(g) Páirt a ghlacadh i bpróiseas pleanála na cláir maidir le polasaithe agus aidhmeanna agus le foirmiú athbhreithnithe na dtreoirlínte.

(h) Measúnachtaí agus teistiméireachtaí, idir scríofa agus labhartha, a bhaineann le forbairt agus foghlaim foghlaiméirí aonair agus grúpaí foghlaimeoirí laistigh agus lasmuigh den scoil a chur ar fáil, nó cuidiú lena gcur ar fáil.

(i) Measúnacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar do chuid modhanna teagaisc, ábhair agus scéimeanna oibre féin agus athruithe oiriúnacha a dhéanamh ar do chonlán féin nó i gcomhar leis an Comhordaitheoir Clár / Oifigeach Oideacis Aosaigh agus/nó le Foireann Cigireachta na Roinne Oideachais agus Scileanna.

(j) Coinneáil suas chun dáta le teoiricí agus cleachtais reatha oideachasúla trí staidéar agus freastal ar chúrsaí, ceardlanna agus cruinnithe.

(k) A bheith freagrach as maoin agus trealamh an Choiste i gceannas, ag aon am, agus maoirseacht a dhéanamh ar phacáil nó díphacáil an trealaimh le linn do a bheith a thabhairt ó ionad amháin go ceann eile.

(l) Caithfidh an teagascóir an Comhordaitheoir Clár / Oifigeach Oideacis Aosaigh a chur in iúl chomh luath agus is féidir muna bhfuil sé/sí in ann a bheith i láthair don rang.

(m) Orduithe dlíthiúla an Choiste agus an Phríomhfheidhmeannaigh a chur i gcrích, agus rialacha agus riachtanais an Aire Oideachais agus Scileanna a chomhlíonadh.

Chomh maith le (a) go (m) thuasluaite, caithfear:

- a chinntiú go bhfuil gach cumarsáid le foghlaimeoirí mar is cuí agus mar is ceart.
- na foghlaimeoirí a spreagadh agus a mholadh mar is cuí.
- meas a thabhairt don fhoghlaimeoir.
- treoir cuiditheach a sholáthair go goilliúnach maidir le forbairt agus bealach chun cinn.
- cluas ghéar a thabhairt do cheist ar bith a mbíonn ag na bhfoghlaimeoirí maidir le forbairt agus bealach chun cinn.
- na foghlaimeoirí a ullmhú tríd an tsiollabais do na scrúduithe a mbaineann leis an chúrsa.
- *Iriseán Mac Léinn* a eisiúint d’achan fhoghlaimeoir ag tús achan chúrsa.
- iarchuntas ar obair a choinneáil in *Iriseán an Teagascóir*
- a bheith muinteartha le réimse na seirbhísí curtha ar fáil ar fud an Chontae ag an tSeirbhís Oideachais Aosaigh.

Coiste Gairmoideachais Chontae Dhún na nGall
County Donegal Vocational Education Committee

# Teagascóir Oideachais Aosaigh - Sonraíocht faoin Duine

**Cáilíochtaí:**

Riachtanach: Céim oiriúnach agus/nó cáilíochtaí eile ábhartha a mheasfaí an iarrthóir cáilithe chun na modúil FETAC, nó a comhchéim, a sholáthraíonn an tSeirbhís Oideachais Aosaigh a theagasc.

Inmhianaithe: Clárú leis An Chomhairle Mhúinteoireachta (Breisoideachais)

**Taithí:**

Riachtanach: A bheith inniúil agus in inmhe na modúil FETAC, nó a comhchéim, a theagasc faoi na Limistéir Foghlama go dtí an caighdeán áirithe do na FETAC leibhéil ar leith.

Inmhianaithe: Cruthúnas ar chuntas teiste go dtí seo ag teagasc na modúil FETAC, nó a comhchéim, faoi na Limistéir Foghlama go dtí an caighdeán áirithe do na FETAC leibhéil ar leith.

**Tréithe Pearsanta:**

Riachtanach: Duine Siosmaideach Mothálach/Ábalta Cumarsáid mhaith béil agus scríofa a dhéanamh/ Ionchais Arda/Scileanna Maithe Idirphearsanta/Báúil le daoine eile.

Inmhianaithe: Féith an ghrinn.

**Scileanna Bainistíochta Ranga:**

Riachtanach: Ábalta ord a choinneáil.

Inmhianaithe: Forbairt ghairmiúil trí chúrsaí in-seirbhíse agus staidéar.

**Cumas Teagaisc:**

Riachtanach: Cuntas cruthaithe teiste mar mhúinteoir cumasach le léann maith agus in inmhe teicnící nua-aimseartha a úsáid – osteilgeoir /ríomhaire / téipeanna / Powerpoint.

Inmhianaithe: Réimse leathan taithí le leibhéil gnóthachain difriúla. Teistiméireachtaí maithe.

**Inspreagadh:**

Riachtanach: In ann déileáil go maith le tascanna laethúla. Tuiscint ar an tábhacht atá le teagasc maith agus oideachas do shaol na bhfoghlaimeoirí.

Inmhianaithe: I bhfách lena s(h)lí bheatha a chur chun tosaigh agus a fhorbairt sa tSeirbhís Oideachais Aosaigh.

**Spéiseanna:**

Inmhianaithe: Rannpháirtíocht in Imeachtaí Cultúrtha agus Pobail/Imeachtaí Spóirt/Gníomhaíochtaí faoin aer.